C/2026/1942

25.3.2026

Fógra ó Rialtas Mhálta i ndáil le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(C/2026/1942)

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, cuireann Rialtas Mhálta in iúl don Choimisiún Eorpach gurb í Roinn na Scairbhe Ilchríochaí, Bloc E, Antonio Maurizio Valperga Street, Floriana, FRN 1700, Málta an t-aon Údarás Inniúil.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Threoir 94/22/CE, tugann Roinn na Scairbhe Ilchríochaí laistigh den Aireacht Airgeadais fógra leis seo gurb iad seo a leanas na critéir a úsáidtear agus údaruithe á ndeonú:

(a) cumas teicniúil agus airgeadais an iarratasóra;

(b) an chaoi a mbeartaíonn an t-iarratasóir dul ag sirtheoireacht sa limistéar geografach, dul ag taiscéalaíocht sa limistéar geografach agus/nó an táirgeadh a thosú sa limistéar geografach;

(c) an clár oibre a mholann an t-iarratasóir;

(d) aon fheidhmíocht de chuid an iarratasóra roimhe seo faoi aon cheadúnas eile a deonaíodh dó;

(e) ceisteanna eacnamaíocha agus airgeadais;

(f) aon cheanglas eile sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil; agus

(g) slándáil náisiúnta nó leas an phobail.

I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir 94/22/CE, faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na ceanglais a bhaineann le feidhmiú nó críochnú na gníomhaíochta a bhfuil feidhm acu maidir le gach cineál údaraithe, tugtar an fhaisnéis sin sa Samhail-Chomhaontú Sirtheoireachta, sa Samhail-Chomhaontú um Staidéar Taiscéalaíochta agus sa Samhail-Chonradh um Chomhroinnt Táirgí de réir Rialachán 8 de na Rialacháin um Peitriliam (Táirgeadh).

Is féidir faisnéis maidir leis an bhfógra seo a fháil trí theagmháil a dhéanamh le hArd-Stiúrthóir Roinn na Scairbhe Ilchríochaí ag Bloc E, Antonio Maurizio Valperga Street, Floriana, FRN 1700, Málta ag dgcs.csmalta@gov.mt agus ag continentalshelf.gov.mt.